Guth Ghoill

Luach € 2.00

# Féile Iascaireachta Mhíobhaigh



Cuireadh tús leis an cheathrú Fhéile Iascaireachta de chuid Coiste Forbartha Mhíobhaigh ar an Aoine 25 Meithimh le cluiche sacair idir na fir phósta agus na fir shingile. Pól Ó Gallchóir a d'eagraigh an cluiche agus d'éirigh go maith leis. Bhí slua mór i láthair agus bhain achan duine sult as an chluiche sin agus as cluiche na bpáistí.

Buaileadh na fir phósta le scór 5 : 3 cé go raibh siad dhá chúl chun tosaigh ag leath-ama. Is dócha go mbeidh an cluiche seo ag leanstan ar aghaidh achan bhliain ó seo amach. Ar an Satharn bhí an príomh ócáid ar siúl, 'sé sin an iascaireacht ina raibh sé bhád déag ag glacaint páirt. Ba le muintir na háite formhór na mbádaí ach bhí corr cheann ón iasacht fosta. Bhí an aimsir grianmhar agus ciúin ar an lá agus leoga tá an t-ádh ar an fhéile seo i dtaca leis an aimsir de ón chéad bhliain a thosaigh sé. Bhí barbaiciú ar an Domhnach agus arís na sluaite i láthair. Moladh mór tuillte ag na daoine sin a dhéanann an fhéile iontach seo a reáchtáil go deonach achan bhliain.

Déan teagmháil linn: Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.
Fón: 074 9154830 Facs: 074 9154830 Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net

# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar


| | |
|---|---|
| Féile Iascaireachta Mhíobhaigh | 1 |
| Bailiúchán Béaloidis | 3 |
| Cuairt an Uachtaráin ar Charraig Airt | 5 |
| Kilimanjaro | 6 |
| Logainmneacha Chluain tSaileach | 8 |
| Dumhaigh | 10 |
| Imeachtaí Chéim Aniar | 11 |
| Feadaímó | 13 |
| Coiste Forbartha Mhíobhaigh | 15 |
| Dioplóma sa Ghaeilge | 16 |

# Bailiúchán Béaloidis

Sna chéad eagráin eile de Ghuth Ghoill beidh muid ag foilsiú cuid den ábhar béaloidis a d'úsáid Aingeal Nic A'Bháird agus í ag staidéar dá céim. Seo ábhar a bhailigh Seán Ó hEochaidh le linn dó a bheith ag bailiú béaloidis sa cheantar seo sna daicheadaí.

**Cérbh é Seán Ó hEochaidh?**

Rugadh Seán Ó hEochaidh, nó 'Fear an Bhéaloidis' mar a tugadh air, i dTeileann in Iardheisceart Thír Chonaill sa bhliain 1913. Cúigear a bhí sa chlann agus ní raibh sé ach ocht mbliana d'aois nuair a fuair a athair, a bhí ina iascaire, bás. Chaith sé trí nó ceithre de bhlianta ag a mháthair mhór ansin, áit ar éist sé le cuid mhór seanchais.

Cuireadh é isteach ar scrúdú na gColáistí Ullmhúcháin ach tamall roimh an scrúdaithe bhris sé a sciathán agus mar nár tugadh 'un an dochtúra é b'éigean an sciathán a bhriseadh arís le go snaidhmfeadh sí i gceart agus í ag cneasadh. De thairbhe seo, nuair a tháinig lá an scrúdaithe ní raibh sé ábalta luas ar bith a chur lena chuid scríbhneoireachta agus níor éirigh leis sa scrúdú.

D'fhan sé ar an scoil go raibh sé i rang a hocht, rud a bhí coitianta go leor san am. Ba ghnách le hiascairí an cheantair é a thabhairt amach a' iascaireacht leo agus gan é ach ina stócach óg, seo chun punt a shaothrú le cuidiú lena mháthair. Chaith sé ceithre nó cúig de bhlianta ag iascaireacht agus mar a dúirt sé fhéin go minic ina dhiaidh sin, "Ba seo m'Ollscoil, ní raibh teora leis an méid eolais a bhí ag na hiascairí, tháing an t-eolas seo anuas ó ghlún go glún". Bhíodh siad ag iascaireacht feannóga agus cadóga ar bhádaí seoil, na yeoltaí. Seachtar fear ar achan bhád.

Bhí suim mhór aige agus é ina fhear óg a bheith ag bailiú béaloidis agus seanchais ina cheantar fhéin. Ba é a uncail, Pádraig Mac Seagháin, a bhí ina chigire scoile sa Roinn Oideachais a spreag é le seo a dhéanamh. Ansin cuireadh an Cumann le Béaloideas Éireann ar bun sa bhliain 1927 agus é mar aidhm acu Béaloideas na hÉireann a bhailiú, a chaomhnú agus a fhoilsiú. Lá amháin sa bhliain 1935 agus é ag teacht amach as an bhád ag céidh Theileann chonaic sé an fear seo ag tarraingt air anuas an chéidh. Ba seo, Séamas Ó Duilearga, as Cumann le Béaloideas Éireann, a tháinig anuas as Baile Átha Cliath le ceist a chur ar Shéan an rachadh sé i mbun oibre dóibh sa Chontae seo mar bhailitheoir béaloidis. Ghlac sé leis an tairiscint. Bhí sé dhá bhliain agus fiche ag an am.

Tugadh éideafón agus rothar dó agus chuaigh sé i mbun oibre. Shiúil sé ceantracha Gaeltachta na Contae seo ag cur an ábhair ar an éideafón agus ansin ag caitheamh a chuid ama an lá ina dhiaidh a athscríobh, ba seo an chuid ba mhaslaí den obair. Ba radharc coitianta a bhí ann ag an am é a fheiceáil ag rothaíocht thart agus an t-éideafón ar a dhroim. Dúirt sé fhéin gur chuir sé agallamh ar mhíle go leith duine agus nuair a chuirtear san áireamh gur scríobh sé síos milliún go leith focal ó Nial Ó Dubhaigh as Gort a' Choirce agus go raibh fear i dToraigh a raibh deich bhfocal is fiche aige ar chineálacha áirithe farraige, d'fhéadfaí a rá gur thóg sé síos na milliúin focal ó chainteoirí dúchais na Contae seo, ó leithinis Fhánada go Gleann Cholmcille, sa Ghaeltacht Láir agus sna Cruacha. Chaith sé tamall in Inis Eoghain fosta agus istigh fá na sléibhte i gCo. Thír Eoghain.

Chuaigh sé i gceann a chuid oibre mar bhailitheoir ina cheantar dúchais fhéin — i dTeileann. Dúirt sé nach raibh áit ar bith eile sa Chontae, taobh amuigh de na Cruacha a raibh an oiread saibhris scéalta ann agus a bhí ina cheantar dúchais fhéin agus go dtiocfadh leis deich mbliana a chaitheamh ann ag bailiú scéalta agus seanchais.

Bhí naoi dteach is fiche istigh sna Cruacha agus dúirt sé gurb anseo a bhí an Ghaeilge ba mhilse agus ba bhlasta dár chuala sé ariamh. Chaith sé cúpla bliain ansin ag teacht is ag imeacht agus dúirt sé go raibh daoine sna Cruacha fán bhliain 1947 a bhí ar bheagán Béarla.

Sé bliain is daichead ar fad a chaith sé ag bailiú béaloidis. Is cinnte go bhfuil muid go mór faoi chomaoin aige as ucht an tsaibhris béaloidis a d'éirigh leis a thógáil síos agus a shábháil. Tá an saibhreas seo uilig le fáil anois i Rannóg an Bhéaloidis in Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Ainmníodh Seán Ó hEochaidh mar phearsa Thír Chonaill sa bhliain 1994 agus fuair sé bás sa bhliain 2002.

Bhí Seán Ó hEochaidh pósta i nGort a'Choirce ar iníon le Micí Mac Gabhainn, fear a bhfuil an leabhar Rothaí Móra an tSaoil bunaithe ar a shaol.

# Bailiúchán Béaloidis

## Pisreogaí Fá Na Síogaí

Bhí gnás eile acu fad ó shin in íochtar Ros Goill san am a raibh an poitín an-fhairsing agus nuair dhéanfadh fear teach úr. Ba gnáth leofa an chéad oíche a thabhairt don 'mhuintir bheaga'. Is é an dóigh a ndéanfadh siad sin ná, d'fhágfadh siad soitheach poitín agus neart bia istigh sa teach b'fhéidir cúpla oíche sula dtéadh siad a chónaí ann. Ba léir leofa san am sin go dtigeadh an 'mhuintir bheaga' agus go n-itheadh siad agus go n-óladh siad.

Dé réir na seandaoine is é an chiall a bhí acu le seo, bhíodh cineál eagla orthu in amannaí go mbeadh na tithe seo déanta "in áit uasal" agus dá dtugadh siad oíche mhór don 'mhuintir bheag' ba léir leofa go sásaíodh sé iad agus nach mbainfeadh siad leofa san am a bhí le theacht. Tá go leor seanchais le cluinstin fá dhaoine nach dtearn seo agus a mb'éigean daofa tithe úr a fhágáil i ndiaidh a dtógáil.

Níor ghnáth a n-aois féin a chur ar na cónaracha sa cheantar seo ach oiread. Ba mhaith leofa na "daoine beaga" a chur thart na gcoimhead. In amannaí ba ghnáth leofa na h-ainmneacha a athrú fosta, ach ba le páistí a ba mhó a níodh siad seo.

## Pisreogaí Iascaireachta

Deirtear san áit seo dá mbeadh daoine á mbá ann fad ó shin nach dtabharfadh na daoine a bheadh ag amharc orthu tarrtháil orthu. Deirtear fad ó shin san am a raibh na curacha tiubh gur bádh neart daoine ann a d'fhéadfadh a shábháil. San am sin nuair a bhíodh siad amuigh ag iascaireacht laetha garbha sna curacha bheaga seo is minic a cuireadh a mbéal fútha agus bádh na foirne. Bhí sé ina rud choitianta san am sin foirne eile a bheith ag iomrá thart leofa gan lá aird a thabhairt orthu agus ligean daofa go mbáití an fear fá dheireadh acu. Ba é an chiall a bhí acu le seo, dá dtugadh siad tarrtháil ar an té a bheithfí a bhá nó dá dtugadh siad fear báite isteach ina mbád, ba léir leofa gurb iad féin an chéad bhaicle a n-éireodh an rud céanna daofa. Cé bith cúis de níl scéal mar seo anois, agus bheir na h-iascairí a mbíonn i ngéibheann uilig tarrtháil ar a chéile.

Is beag bádaí beaga sa cheantar nach bhfuil crú gearráin nó crú asail ina dtoiseach. In amanna bíonn na cruitheacha seo ar an tafta sa bhád a mbíonn an crann ann. Is gnáth i gcónaí go mbíonn ceann na gcruitheacha ar uachtar. Ach ar na ceártaí sa cheantar bíonn an crú an dóigh eile os cionn an dorais.

Tá crú gearráin le feiceáil i gcúl an dorais i gcuid mhór de na tithe thart sa cheantar fosta. Is léir leis na daoine go bhfuil sé an-sona crú acu seo a bheith fan doras acu, agus bhí cuid den tseanmhuintir ag inse domh go raibh intinn ag na daoine fad ó shin, nach dtiocfadh leis an diabhal a dhul isteach ar dhoras a mbeadh crú os a chionn. Bhí intinn acu fosta, dá mbeadh duine ag teacht fán tigh a mbeadh "droch-amharc" aige go leigheasfadh sé é fosta.

Deirtear sa cheantar seo fosta nach bhfuil sé maith eaglasach de shórt ar bith a bheith fá bhád úr nuair atá sí a **sá** amach an chéad uair óna áit déanamh bádaí anseo [i] Lag na hUillinne agus tá am gairid ó shin bhí bád úr á dhéanamh ann agus í réidh le cur amach an chéad uair. Bhí sagart i láthair agus chuaigh sé ar bord uirthi nuair a bítear ag dul a cur amach as tí an bháid. Buaileadh an buille uirthi agus chuaigh sí amach tuairim ar leath bhealaigh ach ní rachadh sí ní b'fhaide agus ba cheart díthi a dhul 'na farraige. D'fhéach siad go bog agus go crua í ach ba chuma cad é dhéanfadh siad léi ní chorródh sí as áit a bun. B'éigean a fágáil ansin go lá arna mhárach agus bhí na daoine a bhí i láthair uilig dearfach gur siocair an sagart a bheith ar bord uirthi a ba chiontaí gan í a dhul amach.

Sa tsean-am anseo ní ligfeadh na seaniascairí do fhear den fhoireann a bheadh idir dáil agus pósadh a dhul amach sa bhád leofa. Dar leofa nach raibh sé sona aige a dhul ar an fharraige go bpóstaí é.

Ní bhíonn iascairí sa cheantar seo sásta duine coimhthíoch a dhul amach a dh'iascaireacht leofa. Is léir leofa go bhfágann sé droch-ádh orthu ar feadh an tséasúir a leithéid de dhuine a thabhairt leofa.

*Beidh tuilleadh den ábhar seo sa chéad eagrán eile.*

## Cuairt an Uachtaráin ar Charraig Airt



*An tUachtarán, Máire Mhic Giolla Íosa agus a fear céile, an Dr. Máirtín Mac Giolla Íosa le, ó chlé, Brian Ó Ceallaigh, Joy Buchanan, Máire Ní Chléirigh agus Colm Ó Buaidhe, baill de Choiste Forbartha Charraig Airt.*

Is iomaí lá mór a bhíonn i saol pobail, idir cúrsaí spóirt, cúrsaí cleamhnais, cúrsaí reiligiúin nó cúrsaí polaitíochta ach nuair a thagann Uachtarán na hÉireann ar cuairt chugat, is é sin lá oll-mhór ar fad! Agus thar-la a leithéid i mbaile Charraig Airt ar an 2ú Meitheamh, 2010. Ba é oscailt oifigiúil Pháirc na Trá an ócáid mhór a tharraing an tUachtarán ár dtreo agus ba mhór an onóir do Choiste Forbartha Charraig Airt agus don phobal uile a teacht anseo.

Ar ndóiche, bhí an pháirc í féin ullmhaithe, gléasta agus cóirithe go cúramach don ócáid agus bhí cuma ghalánta ghleoite uirthi agus í maisithe le bláthanna d'achan chineál agus d'achan dath faoin spéir. D'imir an aimsir a páirt fosta, an ghrian ag lonrú anuas go taitneamhach as spéir gan scamall, gan néal. Cuireadh go mór leis an chomhthimpeallacht le ceol den scoth ó ghrúpa ceoltóirí áitiúla agus ba é fear flúirse na bhfocal, sin dúchasach Charraig Airt, Proinsias Ó Gallagáin a d'fheidhmigh mar Fhear a' Tí.

Bhí an saol agus a mháthair agus Easpag Rath Bhoth, An tEaspag Pilib Ó Buaidhe, i láthair nuair a shroich an tUachtarán an baile, áit ar casadh beirt bhall de Choiste Forbartha Charraig Airt, Máire Ní Chléirigh agus Brian Ó Ceallaigh uirthi. I ndiaidh dí iniúchadh a dhéanamh ar an gharda onóra ina raibh páistí as trí scoil an pharóiste páirteach, chuir Joy Buchanan agus Colm Ó Buaidhe fáilte roimpi chun na páirce.

Bhronn na páistí scoile crobhaing bláthanna uirthi agus ansin nocht an tUachtarán an leac cuimhneacháin álainn de chloch eibhir ar suíodh ansin don ócáid. Os cionn gheata na páirce bhí brat álainn crochta, ar a raibh na focail shuntasacha Ghaeilge sin scríofa: ***'Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.'*** Nílthear cinnte ar thug an tUachtarán iad faoi deara nó nár thug ach ina hóráid féin, rinne Máire Mhic Giolla Íosa tagairt den tábhacht a bhain le páirteachas pobail agus obair dheonach an phobail. Thréaslaigh sí le hAingeal Ní Ghallchóir, as Carraig Airt ó dhúchas, as an dearadh iontach a rinne sí ar an pháirc. Thug sí le fios don slua gurb é fear áitiúil eile a bhí á tiomaint ar an lá sin – an Garda Pól Ó Dubhaigh, mac do chuid an tSáirsint Ó Dubhaigh a bhí anseo roinnt blianta ó shin ach atá anois ar shlí na fírinne. Shiúil an tUachtarán agus a fear céile i measc na ndaoine ansin agus chas sí agus chroith sí lámh leis na céadta duine agus bhí achan duine tógtha go mór lena cneastacht agus a croíúlacht agus an teagmháil a rinne siad leo.

Is mian le Coiste Forbartha Charraig Airt a mbuíochas a chur in iúl do Comhairle Contae Dhún na nGall agus leis na Comhairleoirí áitiúla ar son an mhaoinithe a rinne siad ar an ócáid agus do na gnóanna agus do na daoine áitiúla a chuidigh fosta. Ba mhaith leo fosta a mbuíochas a ghabháil leis na múinteoirí a d'ullmhaigh an garda onóra agus bronnadh na mbláthanna; le Garda Cósta na hÉireann a d'eagraigh an pháirceáil; leis an Garda Síochána faoi choimirce An Sáirsint Criostóir Ó Gealagáin; na ceoltóirí áitiúla ar son an cheoil a chur siad ar fáil agus a chur go mór leis an ócáid roimh agus i ndiaidh theacht an Uachtaráin agus arís in Óstán Charraig Airt: Óstán Charraig Airt ar son na sólaistí a chuir siad ar fáil agus buíochas speisialta d'oibrithe na Scéime Sóisialta Tuaithe a chuir ord agus eagar den chaighdeán is airde ar an bhaile agus ar an pháirc.



Nuair atá muid ag déanamh tagartha do chúrsaí slacht-mhaireachta, bheadh sé cuí dúinn ár mbuíochas a ghabháil le Coiste Forbartha Mhíobhaigh agus le Coiste Bailte Slachtmhara na nDúnaibh atá ag déanamh scoth na hoibre ar son na háite. Tá achan duine ag caint faoi chomh néata agus chomh slachtmhar agus atá an 'Taobh Thoir' agus sráidbhaile na nDúnaibh faoi láthair. Ní dhéanfadh sé dochar ar bith dúinn uilig smaoineamh ar chuidiú beag a thabhairt dóibh, ar bhealach ar bith a thig linn. Macasamhail focail John F. Kennedy: ***"Ná fiafraigh cad é a thig le mo phobal déanamh domhsa ach cad é a thig liomsa a dhéanamh do mo phobal"***

*Caoimhín Mac a'Bháird*

# Kilimanjaro

Seo alt a scríobh Sorcha Ní Bhrodlaigh dúinn, múinteoir scoile i nDroichead Átha, (iníon le Frank, Gorta Móra) faoi eachtraí a bhain di fhéin agus dá cairde le linn dóibh bheith ag dreapadóireacht ar Kilmanjaro. Éacht gan amhras.

Dé Domhnaigh, i mí na Bealtaine, a bhí ann. Bhí ceathrar againn inár suí i gcaife agus oíche Shathairn a plé againn agus fosta ár laethanta saoire. Ba ghnách le Niamh trí seachtaine a chaitheamh sa Tansáin achan bhliain agus obair dheonach a déanamh aici. Shocraigh muidinne, sin Frances, Marcella agus mé fhéin buaileadh léi thall ansin agus Kilimanjaro a dhreapadh. Ba scolaire í Niamh agus sa deireadh thiar thall ní raibh go leor airgid aici chun fanacht sa Tansáin agus Kilimanjaro a dhreapadh ach lean an triúr againne leis an phlean. I ndiaidh tamaill bhí beirt eile istigh ar an phlean linn, Cathy, cara le Marcella a oibríonn mar mhúinteoir bunscoile i mBaile Átha Cliath agus Paula, cailín atá ina cónaí san Astráil faoi láthair ach a bhí ar scoil le Frances agus liom fhéin.

Rinne muid ár dtaighde, chuir muid na ticéid in áirithe, chuaigh muid ag siopadóireacht, fuair muid na hinstealltaí agus leigheas agus ar an seachtú lá de Lúnasa bhí muid réidh don aistear fhada a bhí romhainn. Rinne muid dearmad ar rud amháin.....rud beag traenáil a dhéanamh! Bhí mé rud beag amhrasach faoi sin, caithfidh me a admháil.

D'eitil muid ó Bhaile Átha Cliath go Heathrow, ó Heathrow go dtí Doha i Qatar agus as sin go dtí Dar Es Salaam. Ag taisteal ón aerfort i Dar Es Salaam go dtí lár na cathrach bhí sé soiléir go raibh an Afraic bainte amach againn. Chaith mé an t-am ar fad ag amharc amach ar na fuinneoga . 'Sé an t-aon rud a bhí le déanamh againn anois ná an bus go Moshi a chur in áirithe agus ina dhiaidh sin an tráthnóna a chaitheamh ag ligint ár scíth. D'éirigh linn é sin a dhéanamh sa deireadh agus d'fhan muid sa lóistín don dinnéar. Is cathair Ioslamach í Dar Es Salaam ar an gcuid is mó agus ní raibh braon alcóil le fáil sa bhialann agus ní raibh fonn ar dhuine ar bith againne a dhul ar a thóir, mar sin d'fhan muid sa loistín don oíche.

Thaistil an chúigear againn ón stáisiúin bus in Ubongo go Moshi i lár na tire. Turas iontach suimiúil a bhí ann ó thaobh radharcanna de. Bhí seans againn cuid mhaith don tír a fheiceáil. Thuirling muid den bhus in áit darbh ainm Himo Junction agus bhí car ón óstán ag fanacht linn. Thaitin an áit liom ón tús. Chuir sé iontas orm go raibh an oiread sin plandaí agus bláthanna ag fás, an geimhreadh a bhí ann thall agus bhí an aimsir cosúil leis an samhradh anseo. 'Sé Óstán Marangu an t-ainm a bhí ar an áit agus ba Éireannach í máthair na n-úinéirí agus chomh maith le sin bhí scaifte Éireannach ag stopadh san óstán an oíche sin. Bhí said i ndiaidh an sliabh a dhreapadh agus chaith siad an tráthnóna ag ceiliúradh is ag ceol sa bheár agus ag tabhairt comhairle dúinn. Bhí fiche acu ann agus d'éirigh le seacht nduine dhéag acu barr an tsléibhe a bhaint amach. Bhí orainne ár dtrealamh a eagrú an oíche sin agus dul chuig cruinniú chun an t-eolas uilig a chluinstin. Shiúil muid isteach sa seomra mionteagaisc (briefing room) agus beoir in ár lámha agus muid ag gáire agus shiúil muid amach ar crith le heagla.

An mhaidin dar gcionn bhí achan rud san óstán bun os cionn agus muid ag déanamh réidh le himeacht. Chas muid ar ár dtreoraithe, Joseph, Prosper, Alphons agus Frank, leis na póirtéirí agus leis an chócaire - aon duine dhéag in iomlán! Ba é Joseph an fear a bhí i gceannas



*An chéad mhaidin agus muid réidh le toiseacht*

agus bhí an turas seo déanta aige níos mó na seasca uaire. D'fhág muid an t-óstán i jeep agus thiomáin muid go dtí páirc náisiúnta Kilimanjaro, ní raibh mise ábalta caint fiú mar bhí me chomh neirbhíseach sin.

Tar éis a bheith sínithe isteach bhí muid réidh le dhul i gceann dreapadóireachta. Ní raibh orainn pingin rua a thabhairt linn ar an turas mar níl rud ar bith le ceannacht. Thaitin sin liom chomh maith- sé lá saor ó airgead agus ó




*Taobh amuigh den lóistín i Horombo*

shiopadóireacht! Mhol na treoraithe dúinn dul chomh mall agus ab fhéidir – pole pole a deir siad i Swahili agus ní raibh fadhb ar bith againn cloí leis an chomhairle sin. Glacann se trí huaire ar an mheán taisteal go dtí an chéad ionad campála, Mandara (2,700 troigh in airde) agus ghlac se ceithre huaire go leith orainne é a dhéanamh. Mhol siad dúinn cuid mhór uisce a ól fosta agus arís ní raibh fadhb ar bith againne cloí leis na rialacha. Bhí ar dhuine inteacht stopadh achan deich mbomaite le dhul go dtí an leithreas agus níl rud ar bith eile le déanamh ach léimint isteach sna sceacha. Tá an sliocht sin den turas cosúil le bheith ag siúl i bpáirc foraoise in Éirinn ach go raibh moncaithe le feiceáil sna crainn agus mongoose in aice linn agus muid ag ithe ár lón. Shroich muid Mandara ar thart fá leath i ndiaidh a cúig agus bhí sé ag éirí dorcha. D'ith muid ár ndinnéar (a bhí iontach blasta) agus chuaigh muid díreach a luí. Bhí muid ag stopadh i dteach mór a bhí déanta as adhmad agus bhí níos mó ná tríocha eile sa seomra linn. Mhol duine de na mná ón óstán domh gan fiú leabhair a léamh, seo fá choinne fuinneamh a chaomhnú ach ní raibh mise ábalta cur suas le sin, léigh mé mo leabhar agus scríobh mé i mo dhialann.

D'éirigh muid ar a seacht an mhaidin dar gcionn agus bhí siúlóid seacht nó ocht n-uaire romhainn. Mhuscail na fir muid le cupán tae agus báisín uisce agus bhí an bricfeasta réidh acu sa halla bia. I ndiaidh ceithre huaire ag siúl stad muid don lón agus bhí mé scriosta. Bhí an ghrian ag spalpadh agus bhí tinneas cinn ag teacht orm. Shíl mé go raibh mé ag fulaingt ach bhí Frances i bhfad níos measa. Thit sí i laige agus muid ag ithe ár lón. Shíl muid ag an am go raibh an ghrian ag cur isteach uirthi mar ní raibh hata ar a ceann ach ag amharc siar sílim go raibh tinneas sléibhe ag teacht uirthi. Lean muid ar aghaidh ag siúl go dtí gur shroich muid ár gcampa, darbh ainm Horombo an uair sin. Bhí ort síniú isteach in achan champa agus chuir mise m'ainm an lá sin in aice le hainm fir ón Ghearmáin a bhí 78!

Mhuscail achan duine ar maidin préachta leis an fhuacht. Bhí an teocht i bhfad níos ísle i Horombo san oíche. Lá sosa a bhí againn don tríú lá, tugann sé seans duit fáil cleachtaithe leis an airde. Ní raibh spion rómhaith ar Frances ach shocraigh an cheathrar againn dul ar shiúlóid le Prosper agus le hAlphons go dtí Zebra Rock. Bhain muid sult as, ní raibh brú ama ar bith orainn agus ghlac muid léir mór pictiúr. Ar ais sa champa bhí cuairteoir againn in ár dteach loistín – bean ón Nua Shéalainn a bhí ar a bealach anuas ón bharr. Bhí sí chomh sásta léi féin ach bhí sí tuirseach traochta.




Zebra Rock

D'inis sí cúpla scéal dúinn. Rugadh sa Tansáin í agus rinne sí iarracht an barr a bhaint amach agus í ceithre bliana déag d'aois ach theip uirthi. Bhí sé mar uaillmhian aici dul ar ais agus an jab a chríochnú. Cé gur thug sí inspioráid dúinn uilig scanraigh sí muid chomh maith! Chuir mé éadaí breise orm an oíche sin agus chodail mé go sámh.

*Gheobhaidh sibh amach sa chéad eagrán eile cad é mar fuair Sorcha agus a cairde ar aghaidh leis an chuid eile dá dturas.*

# Cluain tSaileach



# Logainmneacha Chluain tSaileach



*An Reilig*



*Poll a Nocsaí*

1 Ailt na Scrín
2 An Ailt
3 An Baile Thiar
4 An Baile Thoir
5 An Bhinn Bheag
6 An Bhinn Mhór
7 An Bogach
8 An Chapóg Buí
9 An Charraig Dhearg
10 An Chlabarnach
11 An Chludach
12 An Chrosóg Mhór
13 An Chrosóg Bheag
14 An Cnoc Cruinn
15 An Cuibhreann Leathan
16 An Cuibhreann Mór
17 An Garraí Mór
18 An Garraí Úr
19 An Lafta
20 An Lag
21 An Leac Bhuí
22 An Malaigh Garbh
23 An Pháirc Bhán
24 An Pháirc Chúl
25 An Pháirc Úr
26 An Reilig
27 An Talamh Úr
28 An tAltóir
29 An tArd Loiscthe
30 Ard an Talaimh Úr
31 Ard na dTríoplóg
32 Baile na Creaga
33 Binn na bPlantaí
34 Binn na hAilte Móire
35 Bealach an tSéipéil
36 Cluain t-Saileach
37 Cnoc Gáinne
38 Cnoc Mharcaigh
39 Cúl an Léana
40 Gáinne Caorach
41 Garraí Jimmy
42 Garraí na gCruach
43 Idir an Dá Chloigeann
44 Lag an Raithní
45 Lag na Muca
46 Leac na gCurach
47 Leac na hAitinne
48 Liobóg
49 Mullaigh Éamonn
50 Páirc Mhicí Dhubhaigh
51 Pháirc Mhicheáil Uí Cheallaigh
52 Poll na Cloigne
53 Poll Chormaic
54 Portach Mhuiris
55 Tóin na Cloigne
56 An Claí Úr
57 An Cuibhreann Bán
58 An Talamh Fada
59 An tArdán Dóite
60 An tIomaire Mullaigh
61 An tOileán Beag
62 Barr an Phointe
63 Barr na nÉan
64 Binn an Raplaí
65 Binn na gCoiníní
66 Cloch Bán
67 Cnoc an Teampaill
68 Cnoc Mhuiris
69 Cnoc na Cloiche Báine Íochtarach
70 Cnoc na Cloiche Báine Uachtarach
71 Cuibhreann an Chrainn
72 Faoi Thóin an Gharraí
73 Na Cuibhrinn Bhána
74 Poll a Nocsaí
75 Poll Dhoncha
76 Tamhnaigh Mhuiris
77 Tóin Bharr na nÉan
78 Tobar an Raplaigh
79 Cró Lucais

# Dumhaigh



Idir dhá áit iontach tábhachtach, 's iad sin an tArdbán agus an tAigéan Atlantach, atá an baile fearainn beag cáiliúil sin, Dumhaigh. Tá sí ina luí go súgach sásta idir an Cnoc Mór agus an fharraige mhór. Leoga, is i mbaile fearainn Dhumha atá an Cnoc Mór suite.

Bheadh sé deacair tuairisc nó cur síos ar bith a dhéanamh ar Dhumhaigh in alt den tsórt seo. Chaithfeá leabhar a scríobh nó b'fhéidir cúpla leabhar leis an scéal a inse.

Dumhaigh an baile fearainn is faide ó thuaidh ar an taobh thiar de leithinis Ros Goill, an áit, is dóiche, is mó áilleachta nádúrtha agus radhairc ann. Bhainfeadh sé an t-amharc as do shúile. Is ar Dhumhaigh a tháinig tonn na gcuairteoirí i gcónaí. "Daoine Uaisle" a ba ghnách linne (muintir na háite) a thabhairt ar na cuairteoirí. Ag siúl a bhíodh cuid mhór acu sa tseanam. "Hikers" a thugtaí orthu agus nuair a bhí mise beag, tchífinn iad ag dul síos Malaigh an Mhuilinn agus shíl mé go raibh na "Hikers" uilig ina gcónaí thíos ansin agus go raibh baint de shórt éigin acu le Goll Mac Morna.

Mar a dúirt mé cheana féin, bheadh sé deacair cur síos ceart, cóir a dhéanamh ar Dhumhaigh ach tá muidinne anseo i nGuth Ghoill fá choinne triall a bhaint as.

Mar gur baile cois farraige atá i nDumhaigh, tá buntáistí speisialta ag baint leis. Bhí tráchtáil áitiúil i gcónaí ag dul ar aghaidh ann san am a chuaigh thart – ní díolaíocht le hairgead a bheadh ann, ach malartú. B'fhéidir go bhfaighfeá ualach asail de leathach ar ualach plandaí cáil. Bhíodh iasc, creathnach agus slóic i gcónaí ar fáil i nDumhaigh, mar a bhí gaineamh, a bhí tábhachtach i dtógáil ár gcuid tithe, mar a bhí an leathach i leasú an talaimh. Bhí feidhm eile a bhaint as gaineamh Dhumha fadó. Chuirfí ar urláir leacacha é le snas a chur ar na leacacha. Is minic a chuirtí gasúr ón Ardbán go Dumhaigh fá choinne gaineamh leis an urlár a snasú, 'sé sin, dar ndóigh, i bhfad sular cuireadh cosc le tógáil gainimh ón trá.

Sula raibh "medical cards" nó "antibiotics" againn, carraigín a h-úsáideadh le biseach a dhéanamh don slaghdán nó don fliú. Cha bheadh teach ar bith gan carraigín agus as Dumhaigh a tháinig an carraigín fosta.

Baile mór imirt chartaí a bhí ann agus bhí imreoirí iontach cúig fichead ann. Ba ghnách le raifilí a bheith ag dul ar aghaidh sna tithe. Ar ais sna tríochaidí bhíodh siad ag raifleáil bardal, gandal nó asal. Insím na rudaí seo díobh le bhur n-intinní a ghéarú mar tá mé cinnte go bhfuil lear scéalta ina luí ina gcodladh i bhféitheoga bhur gcuimhne. Ta muid ag cruinniú eolais ar an áit, ar logainmneacha, ar na daoine agus ar achan ghné den saol a bhí i nDumhaigh roimhe seo, mar atá Dumhaigh anois agus mar a tharla an t-athrach a tháinig uirthi le linn na mblianta agus an éifeacht a bhí ag an imirce, an EEC, an tíogar cheilteach agus an "recession" uirthi. Ba mhaith linn scéalta a fháil ó dhaoine nár fhág Dumhaigh ariamh, daoine a d'imigh agus a phill, daoine a bhfuil cónaí orthu i gcéin ach a thagann abhaile ar saoire, leoga ó dhuine ar bith, sean nó óg a bhfuil scéal ar bith, maith nó olc, brónach nó greannmhar, fíor nó bréagach, le hinse acu. Buail isteach go dtí oifig Chéim Aniar nó cuir chugainn é i litir nó ar an ghuthán nó ar dhóigh ar bith a thig leat smaointiú air. Ach ar gheall ar Dhia ná lig don scéal sin bás a fháil. Beidh tú, mar sin, lán pháirteach i scéal Dhumha má chuireann tú do chuidse den scéal chugainn.

Déan teagmháil le Sally i gCéim Aniar in Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, ar 074 9154830, nó ar ríomhphost ag ceimaniar@eircom.net.

*Finola Hudaí*

# Imeachtaí Céim Aniar

Bhí cóisir ag Céim Aniar do na teaghlaigh atá gníomhach sa scéim pleanála teanga sa Síbín Ceoil ar an 21 Bealtaine, áit a ndearna siad bliain thar a bheith torthúil a cheiliúradh. Thig leis na páistí a bheith bródúil as a gcuid éachtaí i rith na bliana agus bhí na duaiseanna a bhain siad ag na comórtais filíochta agus drámaíochta ar taispeáint ar an oíche. Rinne na páistí a bhí ag freastal ar na ranganna uirlisí ceoil cúpla port a sheinm, chuir an Síbín Ceoil sólaistí ar fáil agus ina dhiaidh sin bronnadh teastais ar na páistí. Maith sibh uilig a pháistí agus ádh mór orthu siúd atá ag toiseacht ar an mheánscoil i mbliana.











## Cúpla Seanfhocal

*Chan fhaigheann duine a chiall in aisce.*

* *

*Té a mbíonn saol aige bíonn scéal aige.*

* *

*Is fearr lom ná léan.*

* *

*Is beag an deor fola nach teo í ná an t-uisce.*

## Turas amach do pháistí Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne








Tugadh na páistí i Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne go "kidz kingdom" don lá deireanach den téarma agus, mar atá le feiceáil ó na grianghraif thuas, bhí am ar dóigh acu. Tá cuid de na páistí seo ag toiseacht ar an bhunscoil i mbliana agus ba mhaith le Cití agus Mairéad, stiúrthóirí an naíonra, gach ádh a ghabháil leo uilig.

# An Dráma – "Greim na Sainte"

Bhí slua mór i láthair i gColáiste Ros Goill Dé Luain is a chuaigh thart nuair a bhí Aisteoirí Mhíobhaigh ar an ardán leis an dráma "Greim na Sainte". Cuirfear an dráma seo i láthair in Áislann Rann na Feirste Dé Céadaoin seo chugainn, 28 Iúil ag a hocht a chlog agus beidh seans amháin eile ag muintir na háite é a fheiceáil i **gColáiste Ros Goill, Dé Máirt, 3 Lúnasa ag 8.00 i.n.**





Aingeal Nic a'Bháird ar lá bhronnadh na céime i Halla Fóraim na Mílaoise i nDoire nuair a bronnadh Céim Máistreachta san Fhealsúnacht uirthi.

# Feadaímó

Bhí Feadaímó agus Domhnall gafa i luíochán ar shráid Dhoire agus féan lán príosúnaigh leo. Bhí David, úinéir an fhéin ag amharc thart le hiontas. Bhí saighdiúirí an rí ar achan taobh dóibh agus a gcuid gunnaí dírithe orthu. Cha raibh a dhath fána choinne ach a gcuid lámh a chur in airde. "Faoi Dhia," arsa David, "char tharla a leithéid seo domh ariamh. Cad é'n dóigh a raibh a fhios acu go raibh muid ag teacht?" Thiontaigh sé thart. "Tá mé den bharúil, a Dhomhnaill go bhfuil spiaire i measc do bhaicle" "Cuir ceist ar Fheadaímó," arsa Domhnall, "Tá a fhios aige go damanta maith cé uaidh a tháinig an t-eolas fabhtach."

Chuala Feadaímó na focla ach cha raibh sé ábalta a dhath a rá. Cha dtiocfadh leis a chuid súl a thógáil ó Shíle a bhí anois ag tarraingt orthu le ceannaire na saighdiúirí. Cad chuige a raibh sí ag déanamh a leithéidí seo air? Nár sheas sé léi d'ainneoin comhairle Dhomhnaill? Cha raibh sé ach trí uaire ó shin ó d'íoc sé ar shon loistín di agus thug sé a fhocal go mbeadh sé ar ais fána coinne an chéad rud ar maidin. Bhí súile Dhomhnaill lasta le fearg agus labhair sé i gcogarnach le Feadaímó. "Rinne mé iarracht comhairle a thabhairt duit, a uascáin, ach char éist tú liom. Cha raibh le déanamh agat ach a bheith réitithe di agus do ghnó a dhéanamh gan ise a bheith do leanstan." "Tá brón orm," arsa Feadaímó, "ach chuir sí an dallamullóg orm. D'inis sí domh go raibh sí chun dul go Meiriceá liom." Thosaigh Domhnall ag gáire go magúil. "Meiriceá, huh, Lorda, is tú an t-uascán d'fhear. Casann tú le cailín don chéad uair agus cúig bhomaite ina dhiaidh sin tá sí chun a saol fhéin a chur bun os cionn agus dul go Meiriceá leatsa. Beidh an t-ádh ortsa muna gcaithfear sa phríosún thú, ach dóigh amháin nó dóigh eile cha bhíonn tusa ag dul go Meiriceá. Cosnaíonn sé airgead sin a dhéanamh agus níl leathphingin agatsa. Ná bí ag súil le pá ar bith uaimse anois. Buíochas do Dhia gur fhág mé na fir eile uilig leis an táin, ar a laghad tá na ba agam." Char labhair Feadaímó ar chor ar bith. Bhí sé náiriste go smior agus bhí an ceart uilig ag Domhnall. Bhí achan duine ligthe síos aige.

Shíl sé nach dtiocfadh le rudaí a bheith níos measa ach nuair a d'amharc sé ar aghaidh an tsaighdiúra lig sé osna éadóchasach amach as fhéin. Ina sheasamh le taobh Shíle bhí saighdiúir a raibh aithne aige air. Char chas mórán de shaighdiúirí an rí le Feadaímó ach bhí cuimhne mhaith aige ar an fhear seo. Bheadh Seán Mháire Den crochta ag an saighdiúir seo ab é gur scaoil Feadaímó saor é ó phríosúin Chill Mhic nÉanáin roinnt blianta ó shin.

Sheas an bheirt cúpla slat ó chapall Dhomhnaill agus labhair an saighdiúir leo. "Good day there gentlemen, a pleasant evening I'm sure you'll agree. Yes, quite so. Let me introduce myself. Colonel Albertson ar your service." Bhí aoibh ar a aghaidh ach cha deachaigh an aoibh sin a fhad lena chuid súl. Bhí an dá shúil mí-thrócaireach dírithe ar Fheadaímó faoin am seo. "And this must be Feada, Feadaí em…" labhair Síle leis. "Feadaímó," a dúirt sí. "A! Yes, Feadaímó. I've heard all about you. You have been busy. Quite the hero I hear. Well I wonder if you'll be half as heroic in Her Majesty's Naval service." Chuaigh sé anonn chuig David. "Mr Smith, this matter no longer concerns you. Kindly take your men and leave." "What about my wagon?" "Your wagon?" Thosaigh an Colonel ag gáire. That is now the king's wagon, do I make myself clear?" "Abundantly so," arsa David. "Tá brón orm, a Dhomhnaill, ach cad é a thig liom a dhéanamh?" Thiontaigh se a chapaill, "goitsígí," a dúirt sé, agus léim an bheirt fhear anuas ón fhéan. Char chuir siad am ar bith amú agus d'imigh siad. "Níl fágtha ach Domhnall agus an laoch mór é fhéin," arsa Síle agus loinnir ina súile. "HMS Agincourt awaits, gentlemen," arsa an Colonel. Thosaigh Síle ag gáire. "Aw," a dúirt sí, "ar a laghad, a Fheadaímó, tchífidh tú an domhan agus b'fhéidir Meiriceá fosta gan costas ar bith." Shiúil sí thairis agus sheas sí ar roth an fhéin. "Bhail, a dhaidí, beidh tú saor anois," agus tharraing sí scian amach as a póca. "Daidí?" arsa Feadaímó. "Ó, sea," arsa Síle agus í ag amharc ar Fheadaímó le haoibh bheag mhagúil. "Is é seo m'athair," agus chuir sí a lámh ar ghualainn Chondaí Rua. Bhí Condaí ar a ghlúine san fhéan anois agus chaith sé seileog ar an talamh. "Bhail, a uascáin," a dúirt sé le Feadaímó. "Cha raibh sé doiligh lámh an uachtair a fháil ortsa. Tá do neart uilig i do ghéaga mar níl a dhath idir na cluasa agat." Thosaigh na gadaithe eile ag gáire. Labhair sé go searbhasach le Domhnall. "Níl mórán le rá agat anois, a Dhomhnaill. Shíl tú go raibh mé buailte agat, ha!. Cad é a shíleann tú anois? Chan fhuair tú lámh an uachtair orm ariamh agus ní bhfaighidh tú a choíche. Bhí tú chun mé a chur ar an bhád sin thíos, eh? Cé a bheas ar an bhád anois? Ná bí buartha fá do chuid ainmhithe, amharcfaidh mise i ndiaidh na tána duit." Tháinig racht gáire ó na gadaithe eile agus thosaigh siad ag magadh faoi Dhomhnall. Dhearg aghaidh Dhomhnaill agus bhí sé réidh le pléascadh. D'amharc sé ar Fheadaímó agus a dhá shúil lasta ina cheann. D'amharc Feadaímó ar an talamh mar cha raibh a dhath eile fána choinne. Bhí siad san fhaopach agus ar fhéin a bhí an locht. Chan amháin go raibh a shaol fhéin millte aige ach bhí saol Dhomhnaill i gcontúirt fosta gan caint ar na boic eile a bhí leis an táin. "Cha dtiocfadh leat comhairle mhaith a ghlacadh nuair a tugadh duit é, a Fheadaímó," arsa Domhnall agus nimh ina ghlór. "Anois tá…" Bhris an Colonel isteach air. "That's enough of that gibberish," a dúirt sé. "Dismount both of you." Char bhog duine ar bith. "Now," a dúirt sé. "Téigh go hifreann," arsa Domhnall leis. Thiontaigh an Colonel agus scairt sé ar na saighdiúirí. "Sergeant Molloy, you and your squad to me, on the double." Chonaic Feadaímó an sáirsint agus thart fá deichniúir saighdiúir ag tarraingt orthu agus iad ina rith. "Seo, a Shíle," arsa Condaí. "Scaoil saor mé, tá obair le déanamh agam agus caithfidh mé ceannaitheoir a eagrú don táin." "I understand enough of your gibberish, Condaí, to know what you're talking about. I'll be in on the negotiations for the herd if you don't mind." "No bother Colonel sir," arsa Condaí agus aoibh ar a aghaidh. Fifty fifty sounds good." "Sixty forty favouring me sounds even better," arsa an Colonel. D'imigh an aoibh ach níor chuir Condaí Rua in éadan an Colonel. "You're de man, Colonel sir, you're de man." Phléasc racht mionnaí móra as béal Dhomhnaill agus scairt sé amach. "That's my herd you're talking about, and I'll decide what happens to them." D'amharc an Colonel air. "The only decision you have to make Mr Ó Dála, is whether you join the navy or face trial and a certain hanging for kidnapping."

Mhothaigh Feadaímó an fhearg ag éirí ina chroí nuair a chuala sé seo. Cha raibh sa Cholonel ach gadaí agus bhí sé soiléir go raibh gaol gnó idir é fhéin agus Condaí Rua. Cha raibh na saighdiúirí ach b'fhéidir deich slat ar shiúl. Bomaite amháin eile agus bheadh sé ceangailte suas acu. Bhí an Colonel ina sheasamh idir é fhéin agus an féan agus bhí Síle réidh leis an rópa a bhí thart ar lámha Chondaí a ghearradh. Lig sé scread mhillteanach as fhéin agus bhuail sé sceilp ar phrompa a chapaill. Léim an capall chun tosaigh agus bhuail sé an Colonel lena ghualainn agus leag go talamh é. Thiontaigh Síle agus léim sí den fhéan nuair a chonaic sí Feadaímó ag teacht fána coinne. Ach chan ise a bhí a dhíobháil ar Fheadaímó. Chuir sé amach a lámh chlé agus thóg sé Condaí Rua glan amach as an fhéan agus ar shiúl leis ar chosa in airde i dtreo sráide bige nach raibh clúdaithe ag na saighdiúirí. Thosaigh na saighdiúirí ag scaoileadh ach tháinig scairt ón Cholonel. "Hold your fire. I want both those men alive. Get after them." Chuala Feadaímó trup na gcapall agus na ndragún sa tóir air. Thiontaigh sé ar chlé ag bun na sráide agus chonaic sé sráid fhada fholamh sínte roimhe. Bhí an oíche domhain ann faoin am seo agus cha raibh ach corr sholas ar an tsráid. Bheadh an dorchadas ina chuidiú ach bhí na dragúin ag tarraingt air. Bhí capaill níos fearr ag na dragúin agus cha raibh amhras ar bith ná go mbéarfadh siad air, go háirithe leis an bheirt acu ar an chapall. "Cuir amú ama atá anseo, a ghasúir," a scairt Condaí leis. "Maróidh tú an bheirt againn." "Druid do bhéal," arsa Feadaímó leis. "Níl na saighdiúirí ag scaoileadh agus tá mise den bharúil go bhfuil eagla orthu tusa a bhuaileadh. Níl an Colonel ag iarraidh a chara luachmhar a chailleadh." "Ní bhfaighidh tú ar shiúl orthu" arsa Condaí," ach bhí seisean ar a bholg ar mhuineál an chapaill agus chan fhaca sé an treo ina raibh Feadaímó ag dul. Bhí droichead ag dul trasna na habhann agus chuir Feadaímó an capall díreach chuig an bhalla ar an taobh chlé de. Léim an capall agus lig Condaí scread uafásach as nuair a chonaic sé an t-uisce thíos faoi. Tharraing Feadaímó é den chapall díreach sular bhuail siad an t-uisce agus chuaigh an bheirt acu síos go domhain san abhainn. Bhuail fuacht an uisce Feadaímó mar a bheadh casúr ann ach choinnigh sé greim ar Chondaí agus tharraing sé é leis go barr. Glac sé tamall beag orthu a n-análacha a fháil agus ansin bhí achan bhéic ag teacht ó Chondaí. "Báfaidh tú mé," a Uascáin," a dúirt sé. "Ar mire ar fad atá tú. Scaoil saor na rópaí seo go tapaigh sula dtéim go grinneall." Mhothaigh Feadaímó láidreacht an tsrutha a dtarraingt ar shiúl ón bhruach agus chur se iontas go bráth air nuair a chonaic sé chomh fada ar shiúl ón droichead a bhí siad. Bhí solas ar an droichead agus chonaic sé na dragúin ag amharc isteach san uisce agus chuala sé iad ag scairteadh ach cha raibh dóigh ar bith a mbeadh siadsan ábalta an bheirt acu a fheiceáil amuigh i lár na habhann dubh dorcha. D'aithin Condaí seo fosta agus lig sé scread as fhéin, "hoi, tá muid…" ach chuir Feadaímó a lámh ar bharr a chinn agus bhrú sé é faoin uisce sula dtiocfadh leis focal eile a rá. Choinnigh sé ansin é agus é ag coimhéad na ndragún. Bhí siad go fóill ar an droichead agus gach cuma orthu gur shíl siad go raibh an bheirt báite. Cha raibh an capall le feiceáil áit ar bith. Tharraing Feadaímó cloigeann Chondaí amach as an uisce. "Má osclaíonn tusa do bhéal arís," a dúirt sé, "báfaidh mé tú,



ní bheidh an darna deis agat. An dtuigeann tú mé?" Bhí Condaí go fóill ag iarraidh a anáil a fháil ar ais ach chroith sé a cheann. "Tuigim," a dúirt sé agus eagla an domhain ina ghlór. "Maith go leor," arsa Feadaímó, agus thosaigh sé ag snámh chuig an taobh eile den abhainn. Is snámhóir láidir a bhí i bhFeadaímó agus choinnigh sé ag dul leis an tsruth agus é ag dul trasna de réir a chéile. Ghlac sé tamall maith do ach sa deireadh thiar thall tháinig sé go dtí an bhruach agus d'úsáid sé an unsa deireanach dena neart le é fhéin agus Condaí a tharraingt amach as an abhainn. Luigh siad ar an talamh ansin gan focal astu. Nuair a fuair Feadaímó a anáil ar ais sheas sé. Bhí a fhios aige nach raibh am ar bith le cur amú. Bheadh air rabhadh a thabhairt do na fir eile a bhí leis an táin sula mbéarfadh an Colonel orthu ach cad é bhí le déanamh le Condaí? Cha raibh dóigh ar bith a mbeadh sé in am agus é ag tarraingt an gadaí leis. "Éist liom," a dúirt sé. "Caithfidh mise imeacht ach beidh mé ar ais fá do choinne." "Cha dtig leat mé a fhágáil anseo," arsa Condaí, "gheobhaidh mé bás leis an fhuacht." "Beidh sin rómhaith duit má tharlaíonn sé," arsa Feadaímó, "ach tiocfaidh mé ar ais le fáil amach." Le sin stróic se píosa de léine Chondaí agus chuir sé é thart ar a bhéal. Tharraing sé é anonn ansin chuig díog bheag thirim agus chaith se é isteach ann. "Tá súil agam nach dtagann madadh ocrach ort nó rud ar bith mar sin, a Chondaí," a dúirt sé, "tá plean eile leagtha amach agamsa duit." D'amharc sé siar uaidh. Ar a laghad bhí sé ar an taobh cheart den abhainn agus ní raibh le déanamh aige ach coinneáil ar an bhruach agus thiocfadh sé ar an táin. D'imigh sé agus é ina rith.

Beidh an chuid eile sa chéad eagrán eile

# Coiste Forbartha Mhíobhaigh

Cuireadh Coiste Forbartha Mhíobhaigh ar bun nuair a tháinig grúpa den phobal le chéile i mí na Bealtaine 2001. Tháinig siad le chéile mar bhí imní orthu nach raibh obair mar is cóir a dhéanamh ag na hÚdaráis, deacrachtaí áitiúla a réiteach. Bhí cruinniú acu agus chuaigh siad i mbun oibre. Is iad na rudaí is mó a bhí ag cur isteach orthu ná: bóithre i ndroch-staid, córas uisce nach raibh ag obair mar ba chóir agus áiseanna turasóireachta nach rabhthar a gcothú. Tá an coiste seo anois mar pháirt lárnach de shaol áitiúil an cheantair. Rinne siad stocaireacht ar na Teachtaí Dála agus ar na Comhairleoirí Contae áitiúla agus tháinig deathoradh as an iarracht sin.

Tá neart imeachtaí a reáchtáil ag an choiste achan bhliain, Féile Iascaireachta sa tSamhradh agus Oíche ag na Rásaí ag an Nollaig ina measc. Tá ceithre churach tógtha acu, ceann acu sin ina churach rásaíochta. Tá fir óga na háite ag cleachtadh anois le páirt a ghlacadh i rásaí thart ar an chósta.

Gearrann siad an féar ar thaobhanna na mbóithre achan bhliain ó Ros na Binne go dtí an Mheall Mhór agus tá bealach adhmaid leagtha acu ón charrchlós síos go Trá na Rosann.

Obair dheonach ar fad atá anseo agus gabhaimid ár mbuíochas leo. Níl amhras ar bith ná go bhfuil an coiste seo ina bhuntáiste iontach don áit agus tá plean acu tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh amach anseo. Le seo a dhéanamh tá airgead a dhíobháil agus beidh crannchur a reáchtáil acu i mbliana.

Tá súil agam go dtabharfaidh sibh uilig tacaíocht dóibh.


*Proinsias Ó Cuilinn*

## *Féile Iascaireachta Mhíobhaigh*

Na fir phósta











An spúnóg mhaide arís a Stiopháin!



# Dioplóma sa Ghaeilge



Bhain ochtar Dioplóma sa Ghaeilge amach ón chúrsa a bhí a reáchtáil ag Céim Aniar sna Dúnaibh i rith an Gheimhridh i gcomhar le hOllscoil Mhig Aodha i nDoire. Sa ghrianghraf thuas, a ghlacadh lá Bronnta na dTeastas i Halla Fóraim na Mílaoise i nDoire, ó chlé tá, *Dymphna Ní Ghallachóir, Cáit Ní Fhichealtaigh, Siún Nic a'Bháird, Laura Ní Dhomhnaill agus Róisín Ní Oireachtaigh*. As láthair ón phictiúr tá *Séamas Ó Gallachóir, Máire Ní Cheallacháin agus Eoghan Ó Treartaigh*.

Comhghairdeas libh uilig.

Tá an cúrsa Dioplóma sa Ghaeilge ar siúl anseo i Ros Goill le hocht mbliana anuas agus bronnadh Dioplóma ar ochtó sé mac léinn go dtí seo. Chomh maith le sin, lean triúr déag acu ar aghaidh le Cúrsa Céime sa Ghaeilge a dhéanamh. Is cúrsa páirtaimseartha é an Cúrsa Dioplóma agus dhá oíche sa tseachtain atá i gceist. Is féidir leat an cúrsa seo a dhéanamh thar dhá bhliain nó, má tá tú líofa sa Ghaeilge, thar bhliain amháin. Cuirfear tús leis na ranganna arís i mí Meán Fómhair 2010 in Áras Ros Goill, Na Dúnaibh agus beidh **Oíche Eolais ar na cúrsaí Dioplóma agus Céime in Óstán na Trá, Na Dúnaibh, Dé Céadaoin, 4 Lúnasa, ag 7.30 i.n.**

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na cúrsaí seo cuir glaoch orainn in oifig Chéim Aniar ar 074 9154830.

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Údarás na Gaeltachta

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com

Urraithe ag
Foras na Gaeilge